CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/106 ÓN gCOIMISIÚN

an 11 Eanáir 2023

lena socraítear leithdháiltí táscacha na cabhrach ón Aontas do na Ballstáit le haghaidh torthaí agus glasraí do scoileanna agus le haghaidh bainne do scoileanna le haghaidh na tréimhse ón 1 Lúnasa 2023 go dtí an 31 Iúil 2029

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1370/2013 ón gComhairle an 16 Nollaig 2013 lena gcinntear bearta i dtaca le cabhracha agus aisíocaíochtaí áirithe a shocrú a bhaineann le comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta ([1]), agus go háirithe Airteagal 5(4), an tríú fomhír de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Airteagal 23a de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), leagtar síos méid foriomlán na cabhrach ón Aontas in aghaidh na bliana scoile faoin scéim scoile le haghaidh an Aontas ina iomláine agus critéir oibiachtúla maidir le leithdháileadh an mhéid fhoriomláin sin i measc na mBallstát.

(2) In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1370/2013 leagtar amach leithdháiltí táscacha bliantúla na cabhrach ón Aontas in aghaidh an Bhallstáit le haghaidh torthaí agus glasraí do scoileanna agus le haghaidh bainne do scoileanna le haghaidh na tréimhse ón 1 Lúnasa 2017 go dtí an 31 Iúil 2023 Tar éis na hidirthréimhse 6 bliana sin, ón 1 Lúnasa 2023, socróidh an Coimisiún leithdháiltí táscacha na cabhrach ón Aontas do gach Ballstát ar bhonn na gcritéar dá dtagraítear in Airteagal 23a(2), an chéad fhomhír de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013. Agus na leithdháiltí táscacha á socrú, ní mór an t-íosmhéid cabhrach ón Aontas a bhfuil na Ballstáit ina teideal a chur san áireamh, ionas gur féidir leis na Ballstáit ina bhfuil méid dhéimeagrafach theoranta scéim chost-éifeachtach a chur chun feidhme.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 23(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus le hAirteagal 2(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/40 ón gCoimisiún ([3]), tá na Ballstáit le straitéisí a tharraingt suas lena gcumhdófar an tréimhse 6 bliana ón 1 Lúnasa 2023 go dtí an 31 Iúil 2029 agus tabharfaidh siad fógra ina leith don Choimisiún faoin 30 Aibreán 2023. Chun go mbeidh na Ballstáit in ann pleanáil éifeachtúil a dhéanamh ar chur chun feidhme na scéime le linn na tréimhse a chumhdaítear lena straitéisí, ba cheart an tréimhse ama chéanna a chumhdach, le leithdháiltí táscacha na cabhrach ón Aontas. Tá na leithdháiltí táscacha sin gan dochar do na cinntí a dhéanfar amach anseo a bhaineann le Creat Airgeadais Ilbhliantúil an Aontais le haghaidh na tréimhse tar éis 2027.

(4) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir le tuairim an Choiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leagtar amach san Iarscríbhinn leithdháiltí táscacha na cabhrach ón Aontas le haghaidh thorthaí agus glasraí do scoileanna agus do bhainne do scoileanna do gach Ballstát in aghaidh na bliana scoile le linn na tréimhse ón 1 Lúnasa 2023 go dtí an 31 Iúil 2029.

([1]) IO L 346, 20.12.2013, lch. 12.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle, (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/40 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le cabhair ón Aontas chun torthaí agus glasraí, bananaí agus bainne a sholáthar i bhforais oideachais agus lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 907/2014 ón gCoimisiún (IO L 5, 10.1.2017, lch. 11).

Airteagal 2

Dírítear an Cinneadh seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Eanáir 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
Janusz WOJCIECHOWSKI
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

LEITHDHÁILTÍ TÁSCACHA NA CABHRACH ÓN AONTAS IN AGHAIDH NA SCOILBHLIANA LE LINN NA TRÉIMHSE ÓN 1 Lúnasa 2023 GO DTÍ AN 31 Iúil 2029 DÁ DTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 1

An Ballstát	Leithdháileadh táscach le haghaidh torthaí agus glasraí do scoileanna in EUR	Leithdháileadh táscach le haghaidh bainne do scoileanna in EUR
An Bheilg	3 648 727	1 600 475
An Bhulgáir	2 110 411	1 800 090
An tSeicia	3 349 886	3 048 057
An Danmhairg	1 671 583	1 632 431
An Ghearmáin	20 373 277	8 910 720
An Eastóin	396 340	754 955
Éire	1 889 775	826 537
An Ghréig	3 149 503	1 464 086
An Spáinn	13 407 407	6 023 462
An Fhrainc	22 720 501	9 979 209
An Chróit	1 278 964	610 533
An Iodáil	15 293 816	6 910 347
An Chipir	290 000	252 652
An Laitvia	649 309	868 581
An Liotuáin	891 870	1 236 781
Lucsamburg	290 000	193 000
An Ungáir	2 894 429	2 970 122
Málta	290 000	193 000
An Ísiltír	4 977 290	2 176 932
An Ostair	2 320 736	1 015 027
An Pholainn	12 138 186	12 791 591
An Phortaingéil	2 804 412	1 301 261
An Rómáin	6 178 236	11 303 390
An tSlóivéin	665 306	305 638
An tSlóvaic	1 851 325	1 659 402
An Fhionlainn	1 672 943	2 731 455
An tSualainn	3 404 234	7 635 935
Iomlán	**130 608 466**	**90 195 669**